

## ROINN AN TAOISIGH

### BEARTAS MAIDIR LE SOLÁTHAR AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ LE SOLÁTHRAITHE

Tá Roinn an Taoisigh tiomanta luach ar airgead a fháil nuair a bhítear i mbun seirbhísí agus soláthairtí a fháil, soláthairtí agus seirbhísí atá riachtanach chun tacú le hobair na Roinne d'fhonn seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil don Taoiseach agus don Rialtas ar bhealach atá éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de. Téann an Roinn i mbun soláthair i gcomhthéacs Treoir 24 de 2014 ón AE agus na Treoirlínte Soláthair a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais. Trédhearcacht agus oscailteacht na hiomaíochta na prionsabail a threoraíonn an méid sin. Glacann an Roinn páirt iomlán i dtionscnaimh de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP), ag díriú go mór ar airgead a shábháil lena n-áirítear úsáid a bhaint as creat-chomhaontuithe roinnte chun níos mó agus níos mó catagóirí soláthairtí agus seirbhísí a fháil. Tá an Roinn tiomanta cuidiú le fiontair bheaga agus mheánmhéide (SME) deiseanna soláthair a fháil.

#### Mar a Cheannaímid

Is ar bhonn tairiscint iomaíoch a fhaigheann an Roinn earraí agus seirbhísí. Ní dhámhtar tairiscintí d'uireasa próiseas iomaíoch ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus sna cásanna sin féin, ní foláir iad a bheith ag teacht le critéir arna leagan síos i dTreoir 24 de 2014 ón AE. Seo a leanas na modhanna tairisceana a úsáidtear maidir le luach measta an chonartha:

- Fógraítear gach soláthar ar fiú breis agus €25,000 é ar eTenders agus fógraítear iad sin ar fiú breis agus €144,000 iad in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;
- Maidir le gach soláthar faoi €25,000 scaiptear na sonraíochtaí ar thrí sholáthraí ar a laghad.

#### A gCeannaímid

Cur síos ginearálta atá thíos ar na réimsí is mó a gceannaíonn an Roinn earraí agus seirbhísí:

##### *Seirbhísí agus Trealamh Cumarsáide agus ICT*

Is trí chreat-chomhaontuithe lárnacha na hOifige um Sholáthar Rialtais is mó atá riachtanais na Rannóige Córas Faisnéise á sásamh. Tá comhaontuithe dá leithéid i bhfeidhm chun ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, printéirí agus seirbhísí fóin phóca a cheannach. Is féidir mionsonraí ar na socruithe seo a fháil ag Soláthar ICT.

Nuair a theastaíonn seirbhísí agus trealamh eile ICT ón Roinn, úsáidtear an modh cuí tairisceana iomaíche.

##### *Bainistiú Saoráidí - Soláthairtí agus Seirbhísí*

Is iondúil go gcuirtear stáiseanóireacht agus ábhar oifige ar fáil de réir conarthaí íostarraingthe láraithe a dhámhann an Oifig um Sholáthar Rialtais, lena n-áirítear seirbhísí glantóireachta, seirbhísí slándála agus bainistiú dramhaíola. Is féidir leis an Roinn seirbhísí a fháil í féin ó am go ham.

#### Orduithe Ceannaigh os cionn €20,000 a Fhoilsiú

De réir mar is gá faoin bPlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a foilsíodh i mí na Samhna 2011, foilsíonn an Roinn Orduithe Ceannaigh ar fiú €20,000 nó níos mó ar an láithreán gréasáin gach ráithe.

## Íocaíochtaí le Soláthraithe

De réir an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach i mBearta Tráchtála), 2012 a íocann an Roinn sonraisc. Seo a leanas beartas Roinn an Taoisigh i ndáil le sonraisc a íoc le soláthraithe:

### *Tiomantas Roinn an Taoisigh:*

- Soláthraithe a íoc laistigh de 30 lá ach tréaniarracht a dhéanamh iad a íoc laistigh de 15 lá. Cuirtear tús leis an tréimhse 15 lá ón lá a bhfaightear an sonraisc bailí sa phost nó ar ríomhphost;
- Monatóireacht a dhéanamh ar shonraisc a fhaightear d'fhonn a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí a phróiseáil in am trátha;
- Treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe chun íocaíocht thráthúil a chinntiú; agus
- Déileáil le sonraisc neamhbhailí agus le sonraisc atá faoi dhíospóid go héifeachtach agus go tráthúil.

### *Comhlíonadh Cánach*

Is gá do gach soláthraí a bhíonn ag plé le Roinn an Taoisigh dlíthe cánach a chomhlíonadh agus uimhir thagartha cánach a chur ar fáil nuair a iarrtar sin. Ba cheart uimhreacha cánach a bheith le feiceáil ar **gach** sonraisc a sheoltar.

### *Sonraisc Bailí*

Ní dhéanfar íocaíocht ach amháin nuair a chuirfidh soláthraí ar aghaidh bunsonraisc bhailí (cóip chrua nó ríomhshonraisc). Ní dhéanfar íocaíocht sa chás nach bhfaightear ach ráitis nó sonraisc pro-forma. Ní féidir le Roinn an Taoisigh sonraisc a íoc ach amháin nuair a bheidh earraí agus / nó seirbhísí faighte aici. Ba cheart ríomhshonraisc a chur chuig [finance.unit@taoiseach.gov.ie](mailto:finance.unit@taoiseach.gov.ie).

Caithfidh na nithe seo a leanas a bheith ar shonraisc le go mbeidh sé bailí:

- Dáta eisiúna
- Ainm agus seoladh iomlán an tsoláthraí, lena n-áirítear Eircode
- Seoladh ríomhphoist an tsoláthraí
- Uimhir Uathúil an tSonraisc
- Uimhir Ordaithe Ceannaigh
- Uimhir Cánach/PPS agus CBL (má thagann i gceist) na Cuideachta / an Duine
- Cur síos soiléir ar an obair/na seirbhísí a rinneadh/cuireadh ar fáil agus ar na hearraí a seachadadh
- Méid i euro nó i bpunt sterling

Mura mbeidh sonraisc leagtha amach de réir na riachtanas thuas, measfar é a bheith neamhbhailí agus cuirfear an soláthraí ar an eolas faoi i scríbhinn agus cuirfear in iúl dó an t-údar a bhfuil an sonraisc neamhbhailí.

### *Sonraisc atá Faoi Dhíospóid*

Sa chás nach bhfuiltear ar aon fhocal faoi shonraisc nó go bhfuil soiléiriú ag teastáil ina thaobh, déanfar teagmháil leis an soláthraí. Ní dhéanfar íocaíocht nó go mbeidh an cás réitithe.

### *Modh Íocaíochta*

Íocann Roinn an Taoisigh as earraí agus seirbhísí via Ríomhaistriú Airgid (EFT). Nuair a dhéantar íocaíocht via EFT, cuirfear fógra faoin íocaíocht (Duillín Íocaíochta) chuig an seoladh ríomhphoist a chuir an soláthraí ar fáil.

### *Tuairiscí ar Íocaíochtaí Soláthraithe a Fhoilsiú*

Mar a éilítear, foilsíonn an Roinn Tuairiscí ar Íocaíochtaí le Soláthraithe agus Tuairiscí ar Shonraisc os cionn €20,000 ar an láithreán gréasáin gach ráithe.

Ba cheart aon cheist a bhaineann le híocaíocht sonrasc a chur chuig [finance.unit@taoiseach.gov.ie](mailto:finance.unit@taoiseach.gov.ie)

## Íocaíochtaí Pras

Féachann an Roinn lena cuid soláthraithe a íoc go pras. Chuige sin, is féidir le soláthraithe cuidiú lena gcás féin trína chinntiú:

- Go seoltar sonraisc chruinne caol díreach go dtí an tAonad Airgeadais nó an rannóg ábhartha;
- Go bhfuil Uimhir bhailí Ordú Ceannaigh ar shonrasc;
- Go gcuirtear sonraí bainc cruinne ar fáil;
- Go bhfuil a stádas Imréitigh Cánach leis na Coimisinéirí Ioncaim cothrom le dáta.

I gcás gach conartha earnála poiblí de luach €10,000 (CBL san áireamh) nó níos mó laistigh de thréimhse 12 mhí ar bith, ní foláir don chonraitheoir (agus don ghníomhaire nó an fochonraitheoir, de réir mar is cuí) deimhniú bailí imréitigh cánach a chur ar fáil. Tá sin éigeantach. Tá sonraí cuimsitheacha ar nósanna imeachta maidir le himréiteach cánach le fáil ar láithreán gréasáin na [gCoimisinéirí Ioncaim](#).

### *Reachtaíocht a bhaineann le hÍocaíocht Phras*

De réir an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach i mBearta Tráchtála), 2012, a íocann an Roinn sonraisc. Foráiltear sa reachtaíocht ús a íoc ar shonrasc bhailí atá gan íoc 30 lá ón dáta a bhfuarthas iad.

Má tá sonrasc bailí gan íoc tar éis 30 lá, chomh maith le hús a fháil ar íocaíocht dhéanach, tá an soláthraí i dteideal cúiteamh go huathoibríoch (gan gá meabhrúchán a eisiúint) de €40 ar a laghad más lú ná €1,000 an sonrasc. Mar seo a leanas an cúiteamh is infíochta faoi Rialachán 9 sa sceideal a ghabhann leis an Ionstraim Reachtuil:

- |  |      |
|--|------|
| ▪ Nach mó ná €1000                         | €40  |
| ▪ Níos mó ná €1,000 ach nach mó ná €10,000 | €70  |
| ▪ Níos mó ná €10,000                       | €100 |

De réir na reachtaíochta, níl sé d'oibleagáid ar dhuine íocaíocht a dhéanamh le soláthraí a bhfuil teipthe air nó a bhfuil diúltaithe aige deimhniú imréitigh cánach a chur ar fáil agus cuirtear síneadh go sainráite leis an teorainn ama reachtuil sa chás go bhfuil moill ar dheimhniú imréitigh cánach a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, ní chuireann an tAcht isteach ar cháin a choinnítear siar a bhaint d'aon íocaíocht a dhéantar le soláthraí.

### *Ús Íocaíochta Pras a Áireamh*

Ní mheasann an Roinn sonrasc a bheith faighte ach amháin nuair atá dáta stampáilte air ag an Aonad Airgeadais nó ag an Rannóg ábhartha, agus Uimhir Ordaithe Ceannaigh air. Sa chás go bhfaightear sonrasc míchruinn nó easnamhach ó sholáthraí, tá 10 lá oibre ag an Rannóg an sonrasc a sheoladh ar ais, agus ráiteas scríofa leis ina gcuirtear in iúl an fáth a bhfuil an sonrasc á fhiosrú. Ní féidir leis an soláthraí an íocaíocht úis a tharscaoileadh. Faoi théarmaí an Achta, tá dualgas ar an Roinn athbhreithniú bliantúil a chur ar fáil don Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta maidir leis an méid íocaíochtaí déanacha a rinneadh agus an luach a bhain leo.